# Samhain 2024

Sa phacáiste seo, Tráth na Samhna is féidir rogha a dhéanamh ó éagsúlacht acmhainní – ceol, sleachta ón scrioptúr, urnaí, gníomhaíochtaí. Is féidir seirbhís urnaí nó deasghnáth a chur le chéile ag baint úsáide as cuid de na gnéithe seo in aon ord a oireann do do rang nó don chóras scolaíochta.

Tá bileog oibre san acmhainn agus deasghnáth nó seirbhís urnaí, molta daoibh.



### Paidir Thosaigh

A Dhia Dhílis, nárbh iontach an rud é bheith in ann a rá ar leaba an bháis, gur bhaineamar lántaitneamh as an saol?

Tuigimid gur deacair dúinn a bheith foirfe i gcónaí, agus is cinnte go gcuirfimid am amú, agus nach mbeidh an rogha cheart á dhéanamh i gcónaí againn, ach le cabhair uaitse beimid ábalta cion céadach a bhaint as an saol.

Cabhraigh linn inspioráid a ghlacadh ó na daoine a d'imigh romhainn agus a raibh saol iomlán caite acu, bíodh gur saol gearr a chaitheadar. Seans gur na naoimh, na ceannairí cáiliúla, na daoine inár dteaghlaigh féin a fuair bás a bheadh i gceist.

Cuidigh linn spriocanna arda réadacha a leagan anuas agus gan a bheith díomách nuair nach sroichtear iad. Tuigimid gur féidir linn ár n-iarrachtaí a athnuachan go rialta! (Nuascríofa)

(Breis ar fáil i leabhar urnaí *YOUCAT*)

**Daoine a chaith an saol go hiomlán:**
An tSr Clare Crocket, Carlo Beannaithe Acutis, Naomh Máthair Teresa, Aon phápa a d'éag le déanaí, Eoin Pól II ach go háirithe.

## Gníomhaíochtaí

Bíodh clár/balla cuimhneacháin agaibh sa seomra ranga. Tabhair cuireadh do na daltaí ainmneacha na ndaoine a cheapann siad a chaith saol iomlán sásaithe a scríobh ar nóta Post-it, agus é a chur ar an gclár/balla, le méid áirithe shearmanais, mar chuid den tseirbhís urnaí.

Tabhair cuireadh do na daltaí cur i láthair gearr a thabhairt ar dhuine de na daoine seo, sa seomra ranga nó sa seomra urnaí nó san aireagal, agus bíodh searmanas agus paidreacha oiriúnacha ag baint leis an léiriú.

Más duine clúiteach, m.sh. naomh nó duine beannaithe atá i gceist, d'fhéadfadh daltaí féachaint ar ghearrthóga ar líne maidir le saol an duine sin.

Tabhair cuireadh do na daltaí siombailí agus/nó saothair ealaíne a chruthú ar théamaí an dóchais, an cuimhneachán agus maidir leis an saol a chaitheamh go hiomlán.

## Ceol

Amhráin ar fáil ar YouTube agus/nó Spotify, Apple Music 7rl, agus le ceannach mar rianta indibhidiúla ar iTunes nó ar an suíomh Éireannach 7Digital: [https://ie.7digital.com/](https://ie.7digital.com/)

- Life to the Full – Ablaze Music
- Hope Set High – Amy Grant
- It Will be Good – The Porter's Gate
- There Are Many Rooms – Liam Lawton
- I Turn to You – Randy Stonehill
- In Their Memory – Marie Dunne CHF
- Ripples of the Divine – Marie Dunne CHF (ceol oiriúnach uirlise)
- The Quiet – John Michael Talbot (albam le ceol oiriúnach uirlise)



## Bileog Oibre

Tá bileog oibre leis an acmhainn, agus é mar aidhm aige, iniúchadh a dhéanamh ar go leor de na téamaí ábhartha do mhí na Samhna/Ag cuimhneamh. D'fhéadfadh daltaí an bhileog oibre a líonadh isteach roimh na gníomhaíochtaí eile, chun iad a chur ag machnamh agus leis na cleachtaí ina dhiaidh sin a thuiscint i gceart.



### Sleachta Molta ó na Scrioptúir

Sliocht ón Salm Naofa:

> 'Taispeánfaidh tú slí na beatha dom; tá lúcháir go fial i do láthair agus aoibhneas ar do dheasláimh go brách'. (Salm 16:11)

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Eoin:

> 'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial'. (Eoin 10:10)

# Tráth na Samhna
## Bileog Oibre don Iar-bhunscoil

Ainmnigh nó smaoinigh ar dhuine amháin atá ar shlí na fírinne anois, agus a chaith saol iomlán lánsásta. Is féidir sonraí a thabhairt, ach ní gá an duine a ainmniú, más maith leat.

Ainmnigh duine clúiteach a fuair bás tar éis saol iomlán lánsásta a chaitheamh. Tabhair roinnt sonraí.

Scríobh ceithre bhealach ina bhféadfaí saol iomlán lánsásta a chaitheamh.

Scríobh ceithre bhealach ina gcuirtear am amú, ionas go mbeadh sé deacair do dhuine saol iomlán lánsásta a chaitheamh.

# Tráth na Samhna
# Seirbhís Urnaí Molta

### Ceol Tosaigh
Hope Set High – Amy Grant
https://open.spotify.com/track/3YcU6MNFhcWO4QAxnm2vJ8

### Urnaí
A Dhia Dhílis, nárbh iontach an rud é bheith in ann a rá ar leaba an bháis, gur bhaineamar lántaitneamh as an saol?

Tuigimid gur deacair dúinn a bheith foirfe i gcónaí, agus is cinnte go gcuirfimid am amú, agus nach mbeidh an rogha cheart á dhéanamh i gcónaí againn, ach le cabhair uaitse beimid ábalta cion céadach a bhaint as an saol.

Cabhraigh linn inspioráid a ghlacadh ó na daoine a d'imigh romhainn agus a raibh saol iomlán caite acu, bíodh gur saol gearr a chaitheadar. Seans gur na naoimh, na ceannairí cáiliúla, na daoine inár dteaghlaigh féin a fuair bás a bheadh i gceist.

Cuidigh linn spriocanna arda réadacha a leagan anuas agus gan a bheith díomách nuair nach sroichtear iad. Tuigimid gur féidir linn ár n-iarrachtaí a athnuachan go rialta! (Nuascríofa)

(Breis ar fáil i leabhar urnaí *YOUCAT*)

### Deasghnáth
Iarrtar ar dhaltaí labhairt fúthu, nó cur síos gonta a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil aithne acu orthu nó ar dhaoine cáiliúla a chaith an saol ar bhealach iomlán dearfach. Mar mhalairt ar a leithéid, is féidir cúpla focal a scríobh ar Post-it agus é a chur ar chlár le linn an mhórshiúil.

Bíodh ceol ciúin uirlise oiriúnach ar siúl i rith na gníomhaíochta seo.

'Remembrance' le  Marie Dunne CHF
https://open.spotify.com/track/6JGEF63hULwTMkKlRCC94a

### Sleachta ón Scrioptúr (*New Jerusalem Bible*, Eagrán Caitliceach)
Sliocht ó na Sailm Naofa:

> 'Taispeánfaidh tú slí na beatha dom; tá lúcháir go fial i do láthair agus aoibhneas ar do dheasláimh go brách'. (Salm 16:11)

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Eoin

> 'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial'. (Eoin 10:10)

### Ceol Deiridh
There Are Many Rooms – Liam Lawton
https://open.spotify.com/track/4NK20NvReKDKlNFFVgq6Co